RIALACHA

-de chuid-

Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige

1. **Ainm**
Is é ainm an Chomhlachta *Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige*

2. **Príomhchuspóir**

Is é an príomhchuspóir dá mbunaíodh an Club (an "Príomhchuspóir") Clár seachtainiúil ranganna, cluichí, grúpaí díospóireachta agus ceardlanna sa cheol, san amhránaíocht, san fhilíocht agus in imeachtaí eile a chur ar bun i nGaeilge, de réir mar a chinnfeas an Coiste, d'fhonn úsáid shóisialta na Teanga Gaeilge a ghríosú ina timpeallacht nádúrtha chultúrtha do mhuintir na Gaillimhe agus a pobal, go háirithe i gceantar Chois Fharraige.

3. **Fochuspóirí**

Mar chuspóirí atá teagmhasach agus coimhdeach le baint amach an Phríomhchuspóra, beidh na fochuspóirí

a leanas ag an gClub:

Ní ann dóibh

4. **Cumhachtaí**

Beidh na cumhachtaí a leanas ag an gClub nach bhfuil ach ina bhfochumhachtaí agus ina gcumhachtaí coimhdeacha leis an bPríomhchuspóir agus ní féidir ach na cumhachtaí siúd a fheidhmiú agus an Príomhchuspóir á chur chun cinn. Tá aon ioncam a ghin feidhmiú na gcumhachtaí seo le cur i bhfeidhm ar chur chun cinn an Phríomhchuspóra:

4.1 Chun aon tabhartas maoine d'aon chineál agus aon réadtiomnú, leagáid nó blianacht, suibscríbhinn, bronntanas, ranníocaíocht nó ciste a iarraidh agus a sholáthar agus a ghlacadh agus a fháil, ina measc trí mheán párolla a thabhairt nó trí shocruithe comhchosúla eile, agus lena n-áirítear

(ach gan teorainn a leagan ar ghinearáltacht an mhéid thuas), crannchuir a chur ar bun i gcomhréir leis an dlí ar mhaithe leis an bPríomhchuspóir a chur chun cinn.

4.2 Aon chomhlachas nó institiúid, iontaobhas nó ciste a bhunú agus tacú leo, agus chun airgead a shuibscríobh nó a rathú d'aon chuspóir carthanúil a mheasfaidh an Club a rinneadh a ríomh chun a Phríomhchuspóir a chur chun cinn.

4.3 Iarratas a dhéanamh thar ceann an Chlub ar aon údarás, bíodh údarás rialtais, áitiúil, daonchairdiúil nó eile i gceist leis, ar chistiú airgeadais d'aon sórt.

4.4 Aon chuid de mhaoin an Chlub a fháil, a shealbhú, a dhíol, a bhainistiú, a ligean ar léas, a mhorgáistiú, a mhalartú nó a dhiúscairt agus chun aon chuid de mhaoin an Chomhlachta a fhorbairt agus déileáil leis.

4.5 Airgead a fháil ar iasacht agus a thiomsú ar an mbealach sin a d'fhéadfaí a mheas gurb ionann é agus caoithiúil, agus ar mhaithe le haon fhiachas a fháil nó le hoibleagáid eile de chuid an Chomhlachta, chun maoin uile nó cuid de mhaoin an Chlub, reatha nó amach anseo, a mhorgáistiú nó a mhuirearú.

4.6 Aon airgead de chuid an Chlub nach dteastaíonn láithreach bonn lena úsáid i dtaca lena Phríomhchuspóir a infheistiú agus chun aon airgead den sórt sin a chur ar éarlais; tá cead roimh ré le fáil ó na Coimisinéirí Ioncaim sa chás

go mbeartaíonn an Club cistí a charnadh i gcaitheamh tréimhse de bhreis ar dhá bhliain d'aon chuspóirí.

4.7 Chun cuntas bainc amháin nó níos mó a oscailt agus chun billí malartaithe, nótaí gealltanais, billí luchta, barántais, bintiúir agus ionstraimí inaistrithe nó soshannta eile a dhréachtú, a ghlacadh, a dhéanamh, a fhormhuiniú, a lascainiú, a fhorghníomhú, a eisiúint agus a aistriú.

4.8 Faoi réir chlásal 5, chun an fhoireann sin a fhostú, agus ar na téarmaí siúd, atá riachtanach nó inmhianaithe ar mhaithe leis an bPríomhchuspóir a chur chun cinn i gceart.

4.9 Chun pinsean, aiscí, liúntais nó cúnamh carthanúil a dheonú d'aon duine a d'fhéadfadh a sheirbheáil leis an gClub mar fhostaí, nó do mhná céile, fir chéile, leanaí nó cleithiúnaithe eile an duine sin a fhad agus nach sáróidh na pinsin, aiscí, liúntais nó an cúnamh carthanúil sin é sin a fhoráiltear i scéim pinsin atá cumhdaithe ag Cuid 30 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 agus a fhad gur oibrigh an Comhlacht an scéim pinsin sin agus go raibh tairbhí na bpinsean, na n-aiscí, na liúntas nó an chúnaimh charthanúil, nó a gcéile nó a dtuismitheoir, ina c(h)omhalta den scéim pinsin fad a bhí sé/sí fostaithe ag an gClub; agus chun íocaíochtaí a dhéanamh i dtreo árachais agus chun cistí coigiltis agus sochair a fhoirmiú agus cur leo ar mhaithe le haon duine atá fostaithe ag an gClub agus chun airgead a shuibscríobh nó a ráthú do chuspóirí carthanúla.

4.10 Aon duine de na Comhaltaí Feidhmiúcháin nó gach Comhalta Feidhmiúcháin a árachú i gcoinne dliteanas pearsanta a thabhaítear maidir le haon ghníomh nó easnamh arb ionann é agus sárú ar iontaobhas nó sárú ar dhualgas nó a líomhnaítear gurb ionann é agus sárú ar iontaobhas nó sárú ar dhualgas, a fhad agus a ghníomhaigh sé nó sí le dea-intinn agus i bhfeidhmiú a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar iontaobhaí carthanais/chomhalta feidhmiúcháin (faoi mara shainmhínítear san Acht Carthanas, 2009).

4.11 Gach rud dlíthiúil eile sin a dhéanamh a mheasfaidh an Comhlacht bheith teagmhasach le agus a chuidíonn leis an bPríomhchuspóir thuasluaite.

5. Ioncam agus Maoin

5.1 Ní chuirfear ioncam agus maoin an Chlub i bhfeidhm ach i dtreo chur i bhfeidhm an Phríomhchuspóra/na bPríomhchuspóirí, faoi mar a leagtar amach iad sna Rialacha seo. Ní dhéanfar aon sciar d'ioncam agus de mhaoin an Chlub a íoc nó a aistriú go díreach nó go hindíreach trí dhíbhinn, bónas nó ar bhealach eile cibé caoi trí bhrabús do chomhaltaí an Chlub.

5.2 Ní cheapfar aon Chomhalta Feidhmiúcháin le haon oifig an Chlub a n-íoctar tuarastal nó táillí leis an oifig sin, nó ní bhfaighidh aon Chomhalta Feidhmiúcháin aon luach saothair nó sochar eile in airgead nó i luach airgid ón gClubt. Ní chuirfidh aon ní cosc ar an gClub, áfach, na nithe a leanas a íoc le hintinn mhaith:

(a) luach saothair réasúnta agus cuí le haon chomhalta nó seirbhíseach den Chlub (nach Comhalta Feidhmiúcháin é/í) as aon seirbhísí a soláthraíodh don Chlub;

(b) ús ar ráta nach sáraíonn 1% os cionn Ráta Táirgthe Idirbhainc an Euro (Euribor) sa bhliain ar airgead a thug Comhaltaí Feidhmiúcháin nó comhaltaí eile den Chlub ar iasacht leis an gClub;

(c) míosa réasúnta agus cuí ar áitreabh atá ar forléas agus ligthe ag aon chomhalta den Chlub (aon Chomhalta Feidhmiúcháin san áireamh) leis an gClub;

(d) costais réasúnta agus chuí as póca a thabhaíonn aon Chomhalta Feidhmiúcháin maidir

lena bhfreastal ar aon cheist a imríonn tionchar ar an gClub;

(e) táillí, luach saothair nó sochar eile in airgead nó i luach airgid le haon chuideachta a bhféadfadh Comhalta Feidhmiúcháin bheith ina c(h)omhalta di nach sealbhaíonn breis agus an céadú cuid de chaipiteal eisithe na cuideachta sin.

(f) Ní chuirfidh aon ní cosc ar an gClub aon íocaíocht a dhéanamh le duine de bhun comhaontú inar iontráladh i gcomhlíonadh alt 89 den Acht Carthanas, 2009 (i gcaitheamh an trátha a bhíonn sé leasaithe, sínte nó ionadaithe).

6. **Breisiúcháin, athruithe nó leasuithe**

Ní mór don Chlub a chinntiú go bhfuil cóip ag an Rialálaí Carthanas dá Rialacha is déanaí. Má bheartaítear leasú a dhéanamh ar Rialacha an Chlub óna dteastaíonn faomhadh roimh ré a fháil ón Rialálaí Carthanas, ní mór fógra roimh ré a thabhairt, i scríbhinn, faoi na hathruithe a bheartaítear don Rialálaí Carthanas chun iad a fhaomhadh, agus ní chuirfear an leasú i bhfeidhm go dtí go bhfaightear an faomhadh sin.

7. **Foirceannadh**

Más ann d'aon mhaoin, dá laghad, i ndiaidh gach dliteanas agus fiachas a shásamh, ní íocfar í nó ní dhéanfar í a dháileadh i measc chomhaltaí an Chlub, ar fhoirceannadh nó ar dhíscaoileadh an Chlub. Ina ionad sin, déanfar an mhaoin sin a thabhairt nó a aistriú chuig institiúid charthanúil nó institiúidí carthanúla eile a bhfuil príomhchuspóirí acu atá macasamhail phríomhchuspóirí an Chlub. Cuirfidh an institiúid nó na hinstitiúidí, a bhfuil an mhaoin le tabhairt dóibh nó le haistriú chucu, cosc ar dháileadh a n-ioncaim agus a maoine i measc a gcomhaltaí dá mhéid sin, ar a laghad, a ghearrann an Club faoi nó de bhua Chlásal 5 anseo istigh. Roghnóidh comhaltaí an Chlub an institiúid nó na hinstitiúidí ábhartha ag tráth an díscaoilte nó roimh thráth an díscaoilte, agus mura féidir agus dá mhéid nach féidir éifeacht a thabhairt do na forálacha siúd, tabharfar do chuspóir carthanúil áirithe nó aistreofar an mhaoin chuig cuspóir carthanúil áirithe i ndiaidh chomhaontú an Rialálaí Carthanas a fháil. Ullmhófar agus seolfar ar aghaidh cuntais deiridh, lena n-áireofar mír a shainaithníonn agus a dhéanann luacháil ar aon sócmhainní a aistrítear mar aon leis na sonraí faoi na faighteoirí agus téarmaí an aistrithe.

8. **Comhaltaí**

Is éard a bheidh i gcomhaltaí an Chlub (i) comhaltaí bunaidh a ainmnítear ag deireadh na Rialacha seo agus (ii) na daoine eile siúd a cheadóidh an Fheidhmeannacht ó thráth go tráth bheith sa bhallraíocht agus a shíneoidh toiliú scríofa go ndéanfar comhalta díobh.

9. **Cearta Comhaltaí**

Níl Ballraíocht an Chlub inaistrithe agus cuirfear deireadh léi:-

(a) ar bhás nó ar fhéimheacht an chomhalta;

(b) má théann an comhalta ar scor trí fhógra i scríbhinn a sheirbheáil ar an bhFeidhmeannacht ag príomháit ghnó an Chlub.

10. **Cruinnithe Ginearálta**

10.1 Cuirfidh an Club cruinniú ginearálta ar bun i ngach bliain féilire ag a gcruinniú bliantúil ginearálta ag an am agus ag an áit sin a chinnfidh an Fheidhmeannacht agus sonróidh sé an cruinniú ar leith sin amhlaidh sna fógraí a dhéanann é a ghairm a fhad agus go gcuirfear gach

cruinniú ginearálta bliantúil, seachas an chéad cheann, ar bun tráth nach faide ná cúig mhí dhéag

i ndiaidh gur cuireadh an cruinniú ginearálta bliantúil deiridh ar bun roimhe sin. I measc ghnó an chruinnithe ghinearálta bhliantúil, áireofar an méid a leanas: (a) breithniú ar na cuntais bhliantúla; (b) breithniú ar an tuarascáil bhliantúil; (c) toghadh agus atoghadh Comhaltaí Feidhmiúcháin.

10.2 Tabharfar cruinnithe ginearálta urghnácha ar gach cruinniú, seachas cruinnithe ginearálta bliantúla.

10.3 Féadfaidh an Fheidhmeannacht cruinniú ginearálta urghnách a thionól. Mura bhfuil dóthain Comhaltaí Feidhmiúcháin ann, ag tráth ar bith, atá in ann gníomhú chun líon comhaltaí Comhaltaí Feidhmiúcháin a chruthú, féadfaidh aon Chomhalta Feidhmiúcháin cruinniú ginearálta urghnách a thionól.

10.4 Is éard a bheidh sa líon comhaltaí do chruinnithe ginearálta *[5]*.

10.5 Beidh cathaoirleach na Feidhmeannachta i gceannas mar chathaoirleach ag gach cruinniú ginearálta bliantúil an Chlub, nó murab ann don chathaoirleach sin, nó mura bhfuil sé nó sí i láthair laistigh de 15 nóiméad i ndiaidh an ama a cheaptar chun an cruinniú a chur ar bun nó mura toiliúil dó nó di chun gníomhú, toghfaidh na Comhaltaí Feidhmiúcháin atá i láthair duine dá líon chun cathaoirleacht a dhéanamh ar an gcruinniú.

10.6 Ag aon chruinniú, má tá an Comhalta Feidhmiúcháin toiliúil chun gníomhú mar chathaoirleach nó mura bhfuil aon Chomhalta Feidhmiúcháin i láthair laistigh de 15 nóiméad i ndiaidh an ama a cheaptar chun an cruinniú a chur ar bun, roghnóidh comhaltaí an Chomhlachta atá i láthair duine dá líon chun cathaoirleacht a dhéanamh ar an gcruinniú.

10.7 Féadfaidh an cathaoirleach, le toiliú aon chruinnithe a bhfuil líon comhaltaí i láthair ann agus déanfaidh an cathaoirleach, má ordaíonn an cruinniú amhlaidh, an cruinniú a chur ar athló ó thráth go tráth agus ó áit go háit. Ní dhéanfar aon ghnó, áfach, ag aon chruinniú a cuireadh ar athló, seachas an gnó nár tugadh chun críche ag an gcruinniú ónar thit an t-athló amach. Nuair a chuirtear cruinniú ar athló ar feadh 30 lá nó níos faide, tabharfar fógra maidir leis an gcruinniú a cuireadh ar athló amhail i gcás cruinniú bunúil ach, faoi réir sin, ní bheidh sé riachtanach aon fhógra maidir le hathló nó leis an ngnó a dhéanfar ag cruinniú a cuireadh ar athló a thabhairt.

10.8 Sa chás gurb ann do chomhionannas vótaí, beidh cathaoirleach an chruinnithe i dteideal an dara vóta nó vóta réitigh a chaitheamh.

11. Ceisteanna a Fhorchoimeádtar don Chruinniú Ginearálta

Ní féidir aon cheann de na ceisteanna a leanas a chur i bhfeidhm murar faomhadh an céanna ag cruinniú ginearálta an Chlub:-

(a) chun aon athrú, breisiú nó leasú a dhéanamh ar na Rialacha seo;

(b) chun an Club a fhoirceannadh;

(c) chun Comhalta Feidhmiúcháin a bhaint;

(d) Chun aon duine a fhostú ar luach saothair a sháraíonn €25,000 (ar an iomlán) sa bhliain;

(e) chun caiteachas caipitil a thabhú, cé acu ar thionscadal amháin nó níos mó, a sháraíonn €10,000 in aon bhliain féilire;

(f) chun iasachtaí a thabhú a sháraíonn €10,000;

(g) chun iontaobhaí nua den Chomhlacht a cheapadh de bhun Riail 18;

(h) chun ainm an Chlub a athrú.

12. **Fógra maidir le Cruinnithe Ginearálta**

12.1 Déanfar cruinniú an Chlub, seachas cruinniú a cuireadh ar athló, a ghairm:

(a) i gcás an chruinnithe ghinearálta bhliantúil (CCB), i ndiaidh fógra 14 lá, ar a laghad, a thabhairt;

(b) i gcás cruinniú ginearálta urghnách, i ndiaidh fógra 7 lá, ar a laghad, a thabhairt.

12.2 Sa chás go dtugtar fógra maidir le cruinniú tríd an bhfógra a sheoladh sa ghnáthphost réamhíoctha chuig seoladh cláraithe comhalta, measfar gur tugadh an fógra ar éag 24 uair an chloig i ndiaidh an fógra a chur sa phost.

12.3 Nuair a dheimhnítear cé acu ar tugadh nó nár tugadh i bhfógra maidir le cruinniú an tréimhse cheart fógra, ní chuirfear an lá a sheirbheáiltear an fógra ná lá an chruinnithe dá dtugadh an fógra, san áireamh.

12.4 Sonrófar san fhógra maidir le cruinniú, áit, dáta agus am an chruinnithe agus cineál ginearálta an ghnó a dhéanfar ag an gcruinniú.

12.5 Ní dhéanfar na himeachtaí ag an gcruinniú a neamhbhailiú i ngeall ar neamhghníomh taismeach chun fógra a thabhairt do, nó neamhfháil fógra maidir le cruinniú, ag aon chomhalta.

13. **Vótaí Comhaltaí**

Sa chás go bhfuil cinneadh á dhéanamh ar cheist, beidh vóta amháin ag gach comhalta atá i láthair, ach ní bheidh de bhreis ar vóta amháin ag aon chomhalta amháin.

14. **An Fheidhmeannacht /Coiste (Iontaobhaithe Carthanais/Comhaltaí Feidhmiúcháin)**

14.1 Ní bheidh níos lú ná triúr (3) i gceist le líon na gComhaltaí Feidhmiúcháin agus mura gcinneann agus go dtí go gcinneann an Club ag cruinniú ginearálta, ní sháróidh *seachtar (7)* líon na gComhaltaí Feidhmiúcháin. Ina measc beidh beirt ionadaithe ó na daltaí agus beirt múinteoirí. Ceapfar na hOifigigh seo a leanas: Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach, Cisteoir, Rúnaí agus Oifigeach Oideachais. Beidh dhá fo-choiste ann – Coiste Oideachais agus Coiste Riaracháin agus Airgeadais. Féadfaidh an Coiste cuireadh a thabhairt d'aíonna freastal ar chruinnithe an Choiste ó am go chéile. Is iad a bheidh sna chéad Chomhaltaí Feidhmiúcháin:

[Máirtín Ó Curraoin, Ann Burnell, Máirtín Ó Cadhain, Constance Patten, Deirdre Bannigan, Chinatsu Hakamada, Kieran Cunningham]

Feidhmeoidh an triúir Oifigeach reachtúil: An Cathaoirleach, an Cisteoir agus an Rúnaí mar iontaobhaithe chun críche clarúcháin mar charthanas.

Is ag an cruiunniú cinn bliana (CCB) a thóghfar an Choiste ina iomláine.

Is é an Cathaoirleach a bheidh ina Cheann Comhairleamh ar an toghcháin.

Ní mór Moltóir agus Cuiditheoir as comhaltaí an CCB a bheith ag iarrthóirí do gach Oifig ar an gCoiste.

Beidh de chumhacht ag an gCoiste daoine a measfar fúthú go bhfuil scileanna agus saineolas acu a bheadh fóinteach d'eagrú an Chlub, a chohthoghadh ar an gCoiste. Caithfidh na daoine sin faomhadh a fháil ó thromlach de chomhaltaí an Choiste.

14.2 Ní bheidh aon luach saothair iníoctha le haon duine de na Comhaltaí Feidhmiúcháin maidir lena s(h)eirbhísí mar Chomhalta Feidhmiúcháin nó ar aon choiste den Fheidhmeannacht. Féadtar gach

costas taistil, óstáin agus eile a íoc leis na Comhaltaí Feidhmiúcháin a thabhaíonn siad go cuí i bhfreastal ar agus i bhfilleadh ó chruinnithe na Feidhmeannachta nó aon choiste den Fheidhmeannacht nó cruinnithe ginearálta an Chlub nó ar bhealach eile i dtaca le gnó an Chlub.

Déanfaidh an Fheidhmeannacht gnó an Chlub a bhainistiú, ar féidir léi gach ceann de chumhachtaí siúd an Chlub a fheidhmiú nach gceanglaítear sna Rialacha seo ar an gClub a fheidhmiú i gcruinniú ginearálta, faoi réir, mar sin féin, fhorálacha na Rialacha seo agus na n-orduithe siúd a fhéadfaidh an Club i gcruinniú ginearálta a thabhairt. Ní dhéanfaidh aon ordú den sórt sin a thugann an Club i gcruinniú ginearálta aon ghníomh de chuid na Feidhmeannachta a rinneadh roimhe seo a neamhbhailiú a bheadh bailí murar tugadh an t-ordú sin.

14.3 Déanfar gach seic agus ionstraim inaistrithe eile agus gach fáltas ar airgead a íocadh leis an gClub a shíniú, a fhormhuiniú nó a fhorghníomhú ar bhealach eile ag an duine nó na daoine siúd ar an mbealach sin a chinnfidh an Fheidhmeannacht ó thráth go tráth trí rún.

14.4 Coiméadfaidh an Club miontuairiscí ar an méid seo a leanas:-

(a) ainmneacha na gComhaltaí Feidhmiúcháin atá i láthair ag gach cruinniú de chuid na Feidhmeannachta agus ar gach coiste de chuid na Feidhmeannachta;

(b) gach rún agus imeacht ag gach cruinniú de chuid an Chlub agus, ar Chomhaltaí Feidhmiúcháin agus ar choistí na Feidhmeannachta.

14.5 Déanfar oifig an Chomhalta Feidhmiúcháin a fhágáil má chuireann Comhalta Feidhmiúcháin deireadh le bheith cáilithe do phost iontaobhaí carthanais/comhalta feidhmiúcháin faoi alt 55 den Acht Carthanas, 2009.

15. Rothlú Comhaltaí Feidhmiúcháin

15.1 Ag chéad Chruinniú Ginearálta Bliantúil an Chlub, éireoidh gach Comhalta Feidhmiúcháin as oifig agus ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil an bhliain dá éis sin, déanfaidh an tríú cuid den Fheidhmeannacht i dturas an ama, nó, murab ionann a líon agus triúr nó iolraí de thrí, éireoidh an líon is giorra don tríú cuid as oifig.

15.2 Is iad na Comhaltaí Feidhmiúcháin a éireoidh as i ngach bliain iad siúd b'fhaide a bhí in oifig ó toghadh iad an uair dheireanach, ach i gcás daoine a ndearnadh Comhaltaí Feidhmiúcháin díobh ar an lá céanna, deimhneofar iad siúd a éireoidh as (mura gcomhaontaíonn siad ar bhealach eile ina measc féin) trí chrannchur.

15.3 Beidh Comhalta Feidhmiúcháin atá ag éirí as incháilithe d'atoghadh.

15.4 Féadfaidh an Comhlacht, ag cruinniú óna n-éiríonn Comhalta Feidhmiúcháin as ar bhealach a thuasluaitear, an oifig fholamh a líonadh trí dhuine a thoghadh san oifig, agus mura ndéanann an Club amhlaidh, measfar go ndearnadh an Comhalta Feidhmiúcháin, má dhéanann sé/sí é/í féin a thairiscint le haghaidh atofa, a atoghadh, mura (a) ag an gcruinniú sin go mbeartaítear go sainráite gan an oifig fholamh sin a líonadh; nó (b) cuireadh rún le haghaidh atogadh an Chomhalta Feidhmiúcháin sin faoi bhráid an chruinnithe agus níor éirigh leis.

15.5 Ní bheidh aon duine seachas Comhalta Feidhmiúcháin a éiríonn as ag an gcruinniú, mura molann an Fheidhmeannacht, incháilithe le haghaidh atofa le hoifig Chomhalta Feidhmiúcháin ag aon chruinniú ginearálta murach go ndearnadh, tráth nach lú ná trí lá ná nach faide ná 7 lá roimh an dáta a ceapadh don chruinniú, fógra a fhágáil ag príomháit ghnó an Chlub (a) fógra i scríbhinn a thabhairt, atá sínithe ag comhalta ar a sonraítear a (h)intinn go mbeartaítear an duine sin le haghaidh tofa, agus (b) fógra i scríbhinn a thabhairt, atá sínithe ag an duine lena mbaineann go

bhfuil sé/sí toiliúil go n-atoghfar é/í.

15.6 Féadfaidh an Club aon Chomhalta Feidhmiúcháin a bhaint roimh éag a t(h)réimhse oifige.

15.7 Féadfaidh an Fheidhmeannacht, ag aon tráth, aon duine a cheapadh le bheith mar Chomhalta Feidhmiúcháin, cé acu chun folúntas ócáideach a líonadh nó sa bhreis ar Chomhaltaí Feidhmiúcháin reatha, ach ní sháróidh an líon iomlán Comhaltaí Feidhmiúcháin ag aon tráth an líon, más ann dó, dá bhforáiltear sna Rialacha seo. Ní shealbhóidh aon Chomhalta Feidhmiúcháin a cheaptar amhlaidh oifig ach go dtí an chéad chruinniú ginearálta bliantúil eile, ach beidh sé/sí incháilithe le haghaidh atofa ansin.

16. Imeachtaí na Feidhmeannachta

16.1 Féadfaidh an Fheidhmeannacht casadh le chéile chun gnó a riar, a gcruinnithe a chur ar athló agus a rialáil ar bhealach eile, faoi mar a mheasann sí is cuí. Déanfar cinneadh ar cheisteanna a thagann chun solais ag aon chruinniú trí thromlach vótaí. I gcás comhionannas vótaí, beidh an cathaoirleach i dteideal an dara vóta nó vóta réitigh a chaitheamh.

16.2 Féadfaidh an Fheidhmeannacht an líon comhaltaí do chruinnithe na Feidhmeannachta a shocrú agus, mura ndéantar é a shocrú amhlaidh, beidh beirt (2) chomhaltaí i gceist.

16.3 Má laghdaítear a líon faoi bhun an lín riachtanaigh chomhaltaí, féadfaidh an Comhalta/na Comhaltaí Feidhmiúcháin leantacha gníomhú ar mhaithe leis an líon Comhaltaí Feidhmiúcháin a mhéadú aníos go dtí an líon sin nó ar mhaithe le cruinniú ginearálta an Chomhlachta a ghairm, ach ar chuspóir ar bith eile.

16.4 Mura bhfuil an cathaoirleach i láthair ag aon chruinniú laistigh de 15 nóiméad i ndiaidh an ama a cheaptar chun an cruinniú a chur ar bun, féadfaidh na Comhaltaí Feidhmiúcháin atá i láthair duine dá líon a roghnú chun cathaoirleacht a dhéanamh ar an gcruinniú.

16.5 Féadfaidh an Fheidhmeannacht aon cheann dá cumhachtaí a tharmligean do choistí ina bhfuil comhalta nó comhaltaí siúd na Feidhmeannachta agus na daoine eile siúd a mheasann siad is cuí, agus cloífidh aon choiste a chur le chéile amhlaidh, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a tharmligtear ar an mbealach sin, le haon rialacháin a leagann an Fheidhmeannacht air.

16.6 Féadfaidh an Fheidhmeannacht cathaoirleach aon choiste a cheapadh; mura gceaptar aon chathaoirleach den sórt sin, nó mura bhfuil an cathaoirleach i láthair ag aon chruinniú de chuid coiste laistigh de chúig nóiméad déag i ndiaidh an ama a cheaptar chun an cruinniú a chur ar bun, féadfaidh comhaltaí an choiste atá i láthair duine dá líon a roghnú chun cathaoirleacht a dhéanamh ar an gcruinniú.

16.7 Féadfaidh coiste casadh lena chéile agus cruinniú a chur ar athló de réir mar a mheasann sé is cuí. Déanfar cinneadh ar cheisteanna a eascraíonn as aon chruinniú coiste trí thromlach vótaí chomhaltaí an choiste atá i láthair, agus sa chás gurb ann do chomhionannas vótaí, beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag an gcathaoirleach.

17. Fógraí

Féadfaidh an Club fógra a thabhairt d'aon chomhalta cé acu i bpearsan nó trí é a sheoladh sa phost nó ar ríomhphost chuig an gcomhalta ag a s(h)eoladh cláraithe poist nó ríomhphoist (nó, mura bhfuil an seoladh cláraithe amhlaidh, chuig seoladh nó seoladh ríomhphoist an chomhalta is déanaí ar cuireadh an Club ar an eolas air).

18. Iontaobhaithe ar mhaithe le maoin an Chlub a shealbhú

Dílseofar maoin an Chlub sna hIontaobhaithe agus coimeádfaidh na hIontaobhaithe an mhaoin sin a fhad a bhíonn siad mar iontaobhaithe an Chlub in iontaoibh an Chlub mar úinéir tairbhiúil, lena ndéileálfar ag gach tráth de réir mar a ordóidh an Coiste Feidhmiúcháin, agus ar an mbealach sin amháin, i gcomhréir leis na príomhchuspóirí. Déanfaidh na hIontaobhaithe, ar iarraidh an Choiste Feidhmiúcháin agus ar chostas an Chlub mar úinéir tairbhiúil, maoin an iontaobhais a aistriú nó a thíolacadh chuig na daoine siúd, ag an tráth sin agus ar an mbealach sin a ordóidh an Coiste Feidhmiúcháin. Déanfar na hIontaobhaithe a shlánú as sócmhainní an Chlub i gcoinne dliteanais, gníomhartha, imeachtaí, éilimh, dualgais agus cánacha reatha agus amacha anseo agus gach costais agus speansais eile, dá laghad, maidir le maoin an iontaobhais. Ní cheanglófar ar na hIontaobhaithe chun aon chaiteachas a thabhú maidir le maoin an iontaobhais murar agus go dtí gur sholáthair an Coiste Feidhmiúcháin airgead don chuspóir sin. Ní bheidh níos lú ná triúr iontaobhaithe i gceist le líon na nIontaobhaithe. Beidh an chumhacht ag an gClub i gcruinniú ginearálta chun Iontaobhaithe nua a cheapadh.

19. Is é an Cisteoir a riarfas airgeadas an Chlub, i gcomhar leis an gCathaoirleach, agus leis an Leas-Chathaoirleach, nó leis an Leas-Chathaoirleach, de réir treoirlínte a shocrófar nuair a cheapfar é nó í.

19.1 Is ar bhonn deonach a thabharfar gach síntiús, agus ní eisiafar aon duine riamh as imeachtaí an Chlub de dheasca airgid.

19.2 Cloífidh an Club le treoirlínte agus prionsabail heardchumainn maidir le háisitheoirí a bheidh de dhíth dar leis an gClub, a íoc.

19.3 Féadfaidh aon Oifigeach dea chuid an Chlub speansais a fhaomhadh, de réir treoilínta a shocróidh an Coiste.

19.4 Déanfar athbhreithniú ar chúrsaí Airgeadais ag an CCB, agus féadfar treoirlínte a choigeartú ag an am sin.

Is mian linne, na daoine a bhfuil ár n-ainmneacha agus ár seoltaí suibscríofa, an club nó an comhlachas a inmnítear anseo istigh a chruthú.

Ainmneacha, Seoltaí agus Sínithe na gComhaltaí Bunaidh

Máirtín Ó Curraoin,

Ann Burnell,

Máirtín Ó Cadhain,

Constance Patten,

Deirdre Bannigan,

Chinatsu Hakamada,

Kieran Cunningham

‘Charity Trustee’ – Iontaobhaí Carthanais

‘Executive Member’ – Comhalta Feidhmiúcháin